



2023/2196

17.10.2023

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2196 ÓN gCOMHAIRLE
an 16 Deireadh Fómhair 2023

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle an 23 Márta 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 961/2010 ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 46(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 26 Iúil 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/413/CBES ⁽²⁾, a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine.
- (2) An 23 Márta 2012, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine.
- (3) An 14 Iúil 2015, tháinig an tSín, an Fhrainc, an Ghearmáin, Cónaidhm na Rúise, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe, le tacaíocht ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí'), ar chomhaontú leis an Iaráin maidir le réiteach cuimsitheach fadtéarmach ar shaincheist núicléach na hIaráine. Le cur chun feidhme iomlán an Phlean Chuimsithigh Chomhpháirtigh Gníomhaíochta (JCPOA), d'áiríteofaí cineál iomlán síochánta chlár núicléach na hIaráine, agus dhéanfaí foráil maidir le deireadh cuimsitheach a chur leis na smachtbhannaí uile a bhaineann le cúrsaí núicléacha.
- (4) An 20 Iúil 2015, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2231 (2015) lena bhformhuinítear JCPOA, inar moladh go gcuirfí chun feidhme ina iomláine é i gcomhréir leis an amchlár a bunaíodh le JCPOA agus lena bhforáiltear go ndéanfar gníomhaíochtaí i gcomhréir le JCPOA.
- (5) An 20 Iúil 2015, d'fháiltigh an Chomhairle roimh JCPOA agus d'fhormhuinigh sí é, agus gheall sí go gcloífidh sí lena théarmaí agus go leanfaidh sí an plean cur chun feidhme a comhaontaíodh. Thacaigh an Chomhairle go hiomlán freisin le Rún 2231 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.
- (6) Tá an gealltanais deireadh a chur le bearta sriantacha uile an Aontais a bhaineann le cúrsaí núicléacha i gcomhréir le JCPOA gan dochar don Sásra um Réiteach Díospóidí a shonraítear in JCPOA agus do bhearta sriantacha de chuid an Aontais a thabhairt isteach arís i gcás neamhchomhlíonadh suntasach ag an Iaráin maidir lena gealltanais faoi JCPOA.
- (7) An 14 Eanáir 2020, fuair an tArdionadaí mar Chomhordaitheoir Choimisiún Comhpháirteach JCPOA litir ó Airí Gnóthaí Eachtracha na Fraince, na Gearmáine agus na Ríochta Aontaithe ina ndearnadh tagairt d'ábhar a bhaineann le cur chun feidhme ghealltanais na hIaráine faoi JCPOA chuig an gCoimisiún Comhpháirteach um Réiteach Díospóidí tríd an Sásra um Réiteach Díospóidí, mar a leagtar amach i mír 36 de JCPOA.
- (8) An 14 Meán Fómhair 2023, fuair an tArdionadaí mar Chomhordaitheoir Choimisiún Comhpháirteach JCPOA litir ó Airí Gnóthaí Eachtracha na Fraince, na Gearmáine agus na Ríochta Aontaithe maidir le cur chun feidhme JCPOA. Dúirt na hAirí Gnóthaí Eachtracha go raibh an Iaráin ag cloí leis na rialacha ó 2019 i leith, agus mheas siad nár réitíodh é sin trí Shásra JCPOA um Réiteach Díospóidí. Chuir siad in iúl go bhfuil sé ar intinn acu gan na céimeanna a ghlacadh maidir le deireadh a chur le bearta sriantacha breise ar Lá an Aistrithe JCPOA an 18 Deireadh Fómhair 2023.

⁽¹⁾ IO L 88, 24.3.2012, lch. 1.

⁽²⁾ Cinneadh 2010/413/CBES ón gComhairle an 26 Iúil 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2007/140/CBES (IO L 195, 27.7.2010, lch. 39).

- (9) Measann an Chomhairle go bhfuil forais bhailí ag an Aontas chun na bearta sriantacha i gcoinne daoine agus eintitis áirithe a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Cinneadh 2010/413/CBES agus in Iarscríbhinní VIII agus IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 a choimeád ar bun tar éis Lá an Aistrithe JCPOA. Dá bhrí sin, ba cheart ainmneacha na ndaoine agus na n-eintiteas sin a aistriú ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/401/CBES go dtí Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh sin agus ó Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh 267/2012 a mhéid a bhaineann le bearta sriantacha I gcoinne na hIaráine go dtí hIarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán sin.
- (10) Measann an Chomhairle freisin go bhfuil forais bhailí ag an Aontas chun na bearta sriantacha maidir le seirbhísí teachtaireachtaí airgeadais, a bhaineann le hearnáil an iompair, a bhaineann le gníomhaíochtaí núicléacha atá íogair ó thaobh leathadh núicléach de agus seirbhísí gaolmhara, maidir le miotail agus seirbhísí gaolmhara, maidir le bogearraí agus seirbhísí gaolmhara, agus maidir le hairm agus seirbhísí gaolmhara a choimeád ar bun tar éis Lá an Aistrithe JCPOA.
- (11) Measann an Chomhairle freisin go bhfuil forais bhailí ag an Aontas gan na bearta sriantacha a cuireadh ar fionraí ar Lá Cur Chun Feidhme JCPOA le Cinneadh (CBES) 2015/1863 ón gComhairle ⁽³⁾ a fhoirceannadh tar éis Lá an Aistrithe JCPOA.
- (12) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní VIII agus IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 16 Deireadh Fómhair 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
T. RIBERA RODRÍGUEZ

⁽³⁾ Cinneadh (CBES) ón gComhairle 2015/1863 an 18 Deireadh Fómhair lena leasaítear Cinneadh 2010/413/CBES a mhéid a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine (IO L 274, 18.10.2015, lch. 174).

IARSCRÍBHINN

I. In Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 scriostar gach iontráil.

II. Leasaítear Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 mar a leanas:

- (1) faoin gceannteideal 'I. Daoine agus eintitis a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí diúracán núicléach nó le gníomhaíochtaí diúracán balaistíoch agus daoine agus eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.', cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis an liosta a leagtar amach faoin bhfo-cheannteideal 'A. Daoine':

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
46.	Mohammad ESLAMI (محمد اسلامي)	Dáta breithe: 23.9.1956 Áit bhreithe: Isfahan, an Iaráin Feidhm: Ceann Atomic Energy Organization of Iran [Eagraíocht Fuinnimh Adamhaigh na hIaráine]; Leas-Uachtarán na hIaráine Céim: Briogáidire- Ghinearál Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann Uimhir an phas: D10008684 (Pas Taidhleoireachta)	Mar Cheann ar Eagraíocht Fuinnimh Adamhaigh na hIaráine agus mar Leas-Uachtarán na hIaráine, tá baint dhíreach ag an mBriogáidire-Ghinearál IRGC Mohammad Eslami le gníomhaíochtaí núicléacha na hIaráine atá íogair ó thaobh an leata de, nó tugann sé tacaíocht dóibh.	17.10.2023 (UN: 3.3.2008)
47.	Reza-Gholi ESMAELI (رضاقلى اسماعيلي) (ar a dtugtar freisin: Rezaqoli ESMAILI)	Dáta breithe: 03.4.1961 Áit bhreithe: Tehran, an Iaráin Feidhm: Ceann Roinne in Aerospace Industries Organization (AIO) [Eagraíocht na dTionscal Aeraspáis] Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann Uimhir an phas: A0002302 arna eisiúint san Iaráin	Tá Reza-Gholi Esmaeli bainteach le Ginearál IRGC Seyyed Hojjatollah Qoraishi agus le hinstiúidí éagsúla de chuid arm agus rialtais na hIaráine, go háirithe mar Cheann Roinne ag Eagraíocht na dTionscal Aeraspáis. Tá baint aige freisin le hoifig lóistíochta agus taighde na hAireachta Cosanta. Dá bhrí sin, tugann sé tacaíocht do Rialtas na hIaráine agus tá baint aige le daoine agus le heintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.	17.10.2023 (UN: 23.12.2006)
48.	Mohsen HOJATI (محسن حجتی)	Dáta breithe: 28.9.1955 Áit bhreithe: Najafabad, an Iaráin Feidhm: Ceann Fajr Industrial Group [Grúpa Thionsclaíoch Fajr] Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann Uimhir an phas: G4506013 arna eisiúint san Iaráin	Is é Mohsen Hojati ceann an Ghrúpa Thionsclaíoch Fajr, fochuideachta d'Eagraíocht na dTionscal Aeraspáis (AIO), fo-eintiteas den Aireacht Cosanta atá ag gabháil do chláir diúracán balaistíoch na hIaráine. Dá bhrí sin, tá baint dhíreach ag Mohsen Hojati le córais seachadta arm núicléach a fhorbairt agus tacaíocht a thabhairt dá bhforbairt.	17.10.2023 (UN: 24.3.2007)

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
49.	Naser MALEKI (ناصر ملكي) (ar a dtugtar freisin: Nasser MALEKI; Naser MALEKI)	Dáta breithe: 1960 Áit bhreithe: An Iaráin Feidhm: Ceann Shahid Hemmat Industrial Group (SHIG) [Grúpa Tionscaláíochta Shahid Hemmat] Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann Uimhir an phas: A0003039 arna eisiúint san Iaráin Uimhir aitheantais náisiúnta: 0035011785	Is é Naser Maleki Ceann Ghrúpa Tionscaláíochta Shahid Hemmat (SHIG), atá freagrach as clár diúracán balaistíoch leachtbhreoslaithe na hIaráine. Is Oifigeach Aireacht Cosanta agus Lóistíochta Fhórsaí Armtha na hIaráine (MODAFL) é freisin a dhéanann maoirseacht ar chlár diúracán balaistíoch Shahab-3. Dá bhrí sin, tá baint aige le gníomhaíochtaí núicléacha na hIaráine atá íogair ó thaobh an leata de agus tá tacaíocht á tabhairt aige do na gníomhaíochtaí sin.	17.10.2023 (UN: 24.3.2007)
50.	Mohammad Baqer ZOLQADR (محمد باقر ذو القدر) (ar a dtugtar freisin: Mohammad Baqer ZULQADER Mohammad Bagher ZOLGHADR)	Dáta breithe: 1954 Áit bhreithe: Faisa, an Iaráin Feidhm: Rúnaí an Expediency Discernment Council Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann	Is oifigeach de chuid IRGC ar scor é Mohammad Baqer Zolqadr atá ina Rúnaí ar an Expediency Discernment Council faoi láthair. Tá an t-ardcheannaire, a cheapann comhaltaí na Comhairle seo, tar éis maoirsiú ar an rialtas a tharmligean di. Go praiticiúil, tacaíonn an Expediency Discernment Council le Rialtas na hIaráine mar dhlúthchuid den réimeas. Dá bhrí sin, sa ról atá aige, tugann Zolqadr tacaíocht do Rialtas na hIaráine.	17.10.2023 (UN: 24.3.2007)
51.	Ali Akbar AHMADIAN (علی اکبر احمدیان)	Dáta breithe: 1961 Áit bhreithe: Kerman, an Iaráin Feidhm: Rúnaí an Supreme National Security Council (SNSC) [Ardchomhairle Slándála Náisiúnta] Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann	Is é Ali Akbar Ahmadian iarcheannaire Fhoireann Chomhpháirteach IRGC agus iarcheann Rannán Pleanála Straitéisí IRGC. Is é Rúnaí reatha na hArdchomhairle Slándála Náisiúnta (SNSC) é, agus tá sé freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme chinntí ón gComhairle. Tá comhordú á dhéanamh ag SNSC ar na gníomhaíochtaí uile a bhfuil éifeacht acu ar chosaint na hIaráine agus ba í a rinne caibidlíocht na hIaráine a stiúradh i gcúrsaí núicléacha. Is in IRGC a d'fhorbair Ahmadian a ghairm bheatha agus bhí sé i gceannas ar Ionad Straitéiseach IRGC ó 2007 ar aghaidh, áit ar imir sé tionchar, de réir tuairiscí, maidir le beartais slándála agus mhíleata a mhúnlú, chomh maith le clár diúracáin na hIaráine a fhorbairt. Dá bhrí sin, tá baint aige le gníomhaíochtaí núicléacha na hIaráine atá íogair ó thaobh an leata de.	17.10.2023 (UN: 24.3.2007)

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
52.	Mehrdad AKHLAGHI-KETABACHI (مهرداد اخلاقی کتابچی)	Dáta breithe: 10.9.1958 Feidhm: Stiúrthóir Defense Industries Organization [Eagraíocht na dTionscal Cosanta] (DIO) agus Eagraíocht na dTionscal Aeraspáis Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann Uimhir an phas: A0030940 arna eisiúint san Iaráin	Is é Mehrdad Akhlaghi-Ketabchi Stiúrthóir Eagraíocht na dTionscal Cosanta (DIO), ilchuideachta cuideachtaí atá á reáchtáil ag Poblacht Ioslamach na hIaráine a bhfuil sé mar fheidhm acu an acmhainneacht déantúsaíochta agus na hacmhainneachtaí teicniúla is gá a sholáthar do na Fórsaí Armtha. Le blianta beaga anuas, rinne an DIO iarracht díriú ar onnmhairiú, rud a ligeann don Iaráin a bheith ina honnmhaireoir arm. Is é stiúrthóir freisin ar an Eagraíocht na dTionscal Aeraspáis, a dhear an teilgeán meánraoin faoi threorú beacht darb ainm Kheibar le déanaí atá dírithe ar Fhórsaí Armtha na hIaráine a neartú i réimsí na ndiúracán, na ndrón, na radar agus eile. Ina cháil, tá Mehrdad Akhlaghi-Ketabachi rannpháirteach i soláthar earraí, airnéis, trealaimh, ábhar agus teicneolaíochta toirmisce chun tacú le gníomhaíochtaí núicléacha na hIaráine atá íogair ó thaobh an leata de agus chun córais seachadta arm núicléach a fhorbairt. Dá bhrí sin, tá Mehrdad Akhlaghi-Ketabachi freagrach as tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí na hIaráine atá íogair ó thaobh leathadh núicléach de agus d'fhorbairt córas seachadta arm núicléach.	17.10.2023 (UN: 24.3.2007)
53.	Fereidoun ABASSI-DAVANI (فریدون عباسی دوانی) (ar a dtugtar freisin: Fereydoon ABASSI-DAVANI; Fereidun ABASSI-DAVANI; Fereydoun ABASSI-DAVANI; Fereidoon ABASSI-DAVANI; Fereidoun ABBASI-DAVANI)	Dáta breithe: 11.7.1958 Áit bhreithe: Abadan, an Iaráin Feidhm: comhalta de pharlaimint na hIaráine Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann	Is Eolaí Sinsearach de chuid na hAireachta Cosanta agus Lóistíochta Fórsaí Armtha (MODAFL) é Fereydoon Abbasi-Davani agus iarcheann Eagraíocht Fuinnimh Adamhaigh na hIaráine. Tá sé ina chomhalta parlaiminte san Iaráin faoi láthair, i gcoimisiún fuinnimh na parlaiminte go sonrach. Is eolaí núicléach sinsearach é, atá cleamhnaithe le IRGC. I bhfianaise gur comhalta é de pharlaimint na hIaráine agus a a chuid gníomhaíochtaí eolaíoch, tá Fereydoon Abbasi-Davani ag tabhairt tacaíochta do Rialtas na hIaráine agus ag gabháil go díreach do ghníomhaíochtaí núicléacha na hIaráine atá íogair ó thaobh an leata de.	17.10.2023 (UN: 24.3.2007)
54.	Ahmad DERAKHSHANDEH (احمد درخشنده)	Dáta breithe: 11.8.1956 Áit bhreithe: An Iaráin Feidhm: Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Shahr Bank [Banc Shahr] Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann	Is é Ahmad Derakhshandeh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Banc Shahr. Is cuid d'earnáil airgeadais gheilleagar na hIaráine é Banc Shahr agus maoiníonn sé rialtas na hIaráine. Dá bhrí sin, sa ról atá aige, tugann Ahmad Derakhshandeh tacaíocht do Rialtas na hIaráine.	17.10.2023 (UN: 24.3.2007)

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
55	Morteza REZAIE (مرتضى رضایی) (ar a dtugtar freisin: Morteza REZAEE; Morteza REZAI)	Dáta breithe: 1956 Áit bhreithe: An Iaráin Feidhm: Comhalta den Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC); ina chomhairleoir sinsearach míleata ag Ali Khamenei agus ag a mhac, Mojtaba Khamenei, in Oifig an Ardcheannaire. Céim: Briogáidire- ghinearál Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann	Is oifigeach míleata sinsearach (Briogáidire-Ghinearál) é Morteza Rezaie laistigh de IRGC agus bhí poist éagsúla aige laistigh de IRGC le blianta fada anuas. Dá bhrí sin, is comhalta de IRGC é. Thairis sin, is comhairleoir sinsearach míleata é do Ali Khamenei agus dá mhac, Mojtaba Khamenei, in Oifig an Ardcheannaire. Dá bhrí sin, is duine é Morteza Rezaie a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine agus do dhaoine a bhfuil baint acu leis an rialtas.	17.10.2023 (UN: 24.3.2007)
56.	Ahmad Vahid DASTJERDI (احمد وحید دستجردی)	Dáta breithe: 15.01.1954 Áit bhreithe: An Iaráin Feidhm: Comhalta den Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC); ina chomhairleoir ag an Aire Peitiriliam Céim: Briogáidire- ghinearál Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann Uimhir an phas: A0002987 arna eisiúint san Iaráin	Is Briogáidire-Ghinearál de IRGC é Ahmad Vahid Dastjerdi, ina chomhairleoir ag an Aire Peitiriliam, ina iarcheann ar Eagraíocht na dTionscal Aerospáis (AIO) na hIaráine agus ina leas-aire cosanta. Bhí sé ina bhainisteoir ginearálta ar Sepah Cooperative Foundation, ciste mór infheistíochta atá nasctha le IRGC, go dtí deireadh 2017. Dá bhrí sin, tá sé ag gabháil do ghníomhaíochtaí núicléacha na hIaráine atá íogair ó thaobh an leata de, nó tá baint dhíreach aige leis na gníomhaíochtaí sin, nó tugann sé tacaíocht do na gníomhaíochtaí sin.	17.10.2023 (UN: 23.12.2006)

- (2) faoin gceannteideal 'I. Daoine agus eintitis a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí diúracán núicléach nó le gníomhaíochtaí diúracán balaistíoch agus daoine agus eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.', cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis an liosta a leagtar amach faoin bhfo-cheannteideal 'B. Eintitis':

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
'174.	<p>Naval Defense Missile Industry Group</p> <p>(ar a dtugtar freisin: Cruise Missile Industry Group;</p> <p>Samen al-Aemeh Industries Group)</p>	<p>Seoladh Uimh. 1: 28 Shian 5, Lavizan, Tehran, an Iaráin</p> <p>Seoladh uimh. 2: P.O. Box 13185/3198, Tehran, an Iaráin</p> <p>An cineál eintitis: fochuideachta d'Eagraíocht na dTionscal Aeraspáis (AIO)</p>	<p>Tá baint ag an Naval Defense Missile Industry Group (ar a dtugtar freisin: Cruise Missile Industry Group) le córais diúracán a fhorbairt mar fhochuideachta d'Eagraíocht na dTionscal Aeraspáis (AIO), eintiteas atá á rialú go díreach ag Aireacht Cosanta agus Lóistíochta Fórsaí Armtha na hIaráine (MODAFL). Dá bhrí sin, tá Naval Defense Missile Industry Group bainteach le heintiteas a thugann tacaíocht do rialtas na hIaráine.</p>	<p>17.10.2023</p> <p>(UN: 3.3.2008)</p>
175.	<p>Defense Technology and Science Research Center (DTSRC)</p> <p>موسسه آموزشی و تحقیقاتی صنایع دفاعی</p> <p>(ar a dtugtar freisin: Institute for Defense Education and Research;</p> <p>Moassese Amozesh Va Tahghighati)</p>	<p>Seoladh: Pasdaran Av., P.O. Box 19585/777, Tehran, an Iaráin</p> <p>An cineál eintitis: eintiteas rialtais</p> <p>Áit chlárúcháin: Tehran, an Iaráin</p> <p>Príomhionad gnó: Tehran, an Iaráin</p> <p>Eintitis chomhlachaithe: Aireacht Cosanta agus Lóistíochta Fhórsaí Armtha na hIaráine (MODAFL)</p> <p>Eagraíocht na dTionscal Cosanta (DIO)</p> <p>Daoine aonair comhlachaithe: Aman Allah Paydar (ina bhainisteoir tráchtála agus ina ghníomhaire soláthair ag DTSRC);</p> <p>Murat Bukey (gníomhaire soláthair);</p> <p>Asghar Mahmoudi (éascaitheoir agus coimisinéir)</p>	<p>Is eintiteas rialtais é an Defence Technology and Science Research Centre (DTSRC) atá lonnaithe san Iaráin agus a dhéanann taighde agus forbairt a bhaineann leis an gcosaint chomh maith le soláthar. Tá sé faoi úinéireacht throlach agus faoi cheannas Aireacht Cosanta agus Lóistíochta na bhFórsaí Armtha (MODAFL) agus tagann sé faoin Eagraíocht na dTionscal Cosanta (DIO). Tugann MODAFL tacaíocht lóistíochta do Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC). Dá bhrí sin, tugann DTSRC tacaíocht do Rialtas na hIaráine.</p>	<p>17.10.2023</p> <p>(UN: 9.6.2010</p> <p>AE: 24.4.2007)</p>

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
176.	<p>Electro Sanam Company (ar a dtugtar freisin: E. S. Co.; E. X. Co.;</p> <p>Electro Sanam Co.;</p> <p>Electro Sanam;</p> <p>Sanam Industrial Group;</p> <p>Electro Sanam Industries;</p> <p>Sanam Electronics)</p>	<p>Seoladh Uimh. 1: nó. 24, 3rd Floor, Sink St., after Beheshti St., Northern Sohrevardi Ave. 15779 Tehran, an Iaráin</p> <p>Seoladh Uimh. 2: Tehran P.O. Box 19395/5339, Araj Forkway, Pasdaran Ave., Tehran, an Iaráin</p> <p>Uimh. theileafóin: +98 21 8757587; +98 21 7863352; +98 21 88757587</p> <p>Facs uimh.: +98 21 8757588; +98 21 7867810; +98 21 88757588; +98 21 22549738</p> <p>Ríomhphost: fadjr@isiran-net.com; info@sanamel.com</p> <p>Áit chlárúcháin: an Iaráin</p> <p>Dáta clárúcháin: 1992</p> <p>Uimhir clárúcháin: 339747</p> <p>Uimhir cárta aitheantais náisiúnta: 10103864724</p> <p>Príomhionad gnó: Tehran, an Iaráin</p> <p>Eintitis chomhlachaithe: Sanam Industrial Group;</p> <p>Eagraíocht Thionscail an Aeraspáis</p>	<p>Is cuideachta cumhdaigh é Electro Sanam Company d'Eagraíocht na dTionscail Aeraspáis (AIO) a bhfuil baint aici le clár diúracán balaistíoch na hIaráine. Dá bhrí sin, tá Electro Sanam Company ag gabháil do ghníomhaíochtaí núicléacha na hIaráine atá íogair ó thaobh an leata de, nó bainteach le nó ag tabhairt tacaíochta do na gníomhaíochtaí sin.</p>	<p>17.10.2023 (UN: 3.3.2008)</p>

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
177.	Ettehad Technical Group	<p>Seoladh Uimh. 1: 28 Shian 5, Lavizan, Tehran, an Iaráin</p> <p>Seoladh Uimh. 2: P.O. Box 13185/3198, Tehran, an Iaráin</p> <p>Seoladh Uimh. 3: P.O. Box 19395/6874, Tehran, an Iaráin</p> <p>Seoladh Uimh. 4: Langare Street, Nobonyad Square, Tehran, an Iaráin</p> <p>Suíomh gréasáin: https://www.ettehad-group.com/</p>	<p>Príomh-fhochuideachta thionsclaíoch agus mhíleata Aireacht Cosanta agus Lóistíochta Fhórsaí Armtha na hIaráine (MODAFL), agus déanann sí maoirseacht ar tháirgeadh diúracán na hIaráine. Is cuideachta chumhdaigh AIO í Ettehad Technical Group a bhfuil baint aici le clár diúracán balaistíoch agus, dá bhrí sin, tá baint dhíreach aici le gníomhaíochtaí núicléacha na hIaráine atá íogair ó thaobh an leata de nó le córais seachadta arm núicléach a fhorbairt agus tá baint aici, dá bhrí sin, le soláthar earraí, airméis trealaimh, ábhar agus teicneolaíochta toirmisce, agus tugann sí tacaíocht do na gníomhaíochtaí sin.</p>	<p>17.10.2023 (UN: 3.3.2008)</p>

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
178.	<p>Fajr Industrial Group [Grúpa Tionsclaíoch Fajr]</p> <p>(مجتمع صنعتی قطعات دقیق)</p> <p>(ar a dtugtar freisin Industrial Factories of Precision Machinery (IFP)</p> <p>Fajr Industries Group (FIG);</p> <p>Nasr Industries Group;</p> <p>Instrumentation Factories Plan (IFP);</p> <p>Instrumentation Factories of Precision Machinery;</p> <p>Precision Component Project Group;</p> <p>Sasadjá Precision Industrial Complex;</p> <p>Mojtame Santy Ajzae Daghigh;</p> <p>Mojtama-e Sanaty-e Ajza-ye Daqiq;</p> <p>Department 140/16;</p> <p>Instrumentation Factories Plant;</p> <p>Instrumentation Factory Plant;</p> <p>Fajr Industries Group;</p> <p>Fajr Industrial Group;</p> <p>IFP;</p> <p>Instrumentation Factories Plant (IFP))</p>	<p>Seoladh Uimh. 1: Javadian Far Ave. 212, Tehran, an Iaráin</p> <p>Seoladh Uimh. 2: Pasdaran Road 40, Tehran, an Iaráin</p> <p>Seoladh Uimh. 3: P.O. Box 1985/777, Tehran, an Iaráin</p> <p>Uimh. theileafóin: +98 21 88978036</p> <p>Facs uimh.: +98 21 88960239</p> <p>Áit chlárúcháin: An Iaráin</p> <p>Príomhionad gnó: An Iaráin</p> <p>Eintitis chomhlachaithe:</p> <p>Eagraíocht na dTionscal Aeraspáis (AIO) na hIaráine;</p> <p>Aireacht Cosanta agus Lóistíochta Fhórsaí Armtha na hIaráine (MODAFL)</p>	<p>Is fochuideachta d'Eagraíocht na dTionscal Aeraspáis (AIO) na hIaráine é Grúpa Tionsclaíoch Fajr, agus dá bhrí sin, tá sé á rialú ag eintiteas a thugann tacaíocht do rialtas na hIaráine. Tá baint aige le córais seachadta arm núicléach a fhorbairt.</p>	<p>17.10.2023</p> <p>(UN: 23.12.2006)</p>

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
179.	<p>Farayand Technique (تکنولوژی سانتریفیوژ ایران تسلا)</p> <p>(ar a dtugtar freisin: Technology of Centrifuge of Iran Company)</p>	<p>Seoladh Uimh. 1: Saadat Abad, Kaj Square, Sarv Gharbi, Sina Medical Building, first floor, unit 8, Tehran, an Iaráin (Ceannteathrú)</p> <p>Seoladh Uimh. 2: Zobe-Ahan Highway, after highway police station, Siman Road, Ashtarjan industrial city, Sixth Avenue, building of the board of trustees of the industrial city, number 59, Isfahan, an Iaráin (Monarcha)</p> <p>Príomhionad gnó: Tehran, an Iaráin; Esfahan, an Iaráin</p> <p>Eintitis chomhlachaithe: Eagraíocht Fuinnimh Adamhaigh na hIaráine (AEOI);</p> <p>Kalaye Electric Company</p> <p>Daoine aonair comhlachaithe: Jafar Mohammadi</p>	<p>Tá Farayand Technique faoi úinéireacht Eagraíocht Fuinnimh Adamhaigh na hIaráine nó tá sé nasctha léi agus, dá bhrí sin, tá baint dhíreach aige le gníomhaíochtaí núicléacha na hIaráine atá íogair ó thaobh an leata de.</p>	<p>17.10.2023 (UN: 23.12.2006)</p>

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
180.	<p>7th of Tir (شركت صنایع هفتم تیر) (ar a dtugtar freisin: 7th of Tir Complex; 7th of Tir Industrial Complex; 7th of Tir Industries; 7th of Tir Industries of Isfahan/Esfahan; Haftom-e Tir)</p>	<p>Seoladh Uimh. 1: Mobarakeh Road Km 45, Isfahan, an Iaráin</p> <p>Seoladh Uimh. 2: P.O. Box 81465/478, Isfahan, an Iaráin</p> <p>Dáta clárúcháin: 1997</p> <p>Príomhionad gnó: An Iaráin</p> <p>Eintitis chomhlachaithe: Eagraíocht na dTionscal Cosanta (DIO); Ammunition and Metallurgy Industries Group (AMIG); Khorasan Metallurgical Industries; Yazd Metallurgical Industries</p>	<p>Is fochuideachta í 7th of Tir (Haftom-e Tir) de Ammunition and Metallurgy Industries Group (AMIG) agus Eagraíocht na dTionscal Cosanta (DIO) a tháirgeann buamaí moirtéal agus fiúsanna. Is ilchuideachta cuideachtaí í DIO atá á reáchtáil ag Poblacht Ioslamach na hIaráine a bhfuil sé mar fheidhm aici an acmhainneacht déantúsaíochta agus na hacmhainneachtaí teicniúla is gá a sholáthar do na Fórsaí Armtha. Dá bhrí sin, tá 7th of Tir á rialú ag eintiteas atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí na hIaráine atá íogair ó thaobh leathadh núicléach de agus d'fhorbairt córas seachadta arm núicléach.</p>	<p>17.10.2023 (UN: 23.12.2006)</p>

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
181.	Amin Industrial Complex (مجتمع صنعتي امين)	<p>Seoladh Uimh. 1: Amin Industrial Estate, Khalage Rd., Seyedi District P.O. Box 91735/549, Mashad, an Iaráin</p> <p>Seoladh Uimh. 2: P.O. Box 91735/549, Mashad, an Iaráin</p> <p>Seoladh Uimh. 3: Amin Industrial Estate, Khalage Rd., Seyedi District, Mashad, an Iaráin</p> <p>Seoladh Uimh. 4: Kaveh Complex, Khalaj Rd., Seyedi St., Mashad, an Iaráin</p> <p>Seoladh Uimh. 5: No. 160, Besat Blvd., Ahmad-Abad 2nd 30-Meter St., Mashad, an Iaráin</p> <p>Seoladh Uimh. 6: Km. 8th of Asiaei Rd., Mashad, an Iaráin (Monarcha)</p> <p>Seoladh Uimh. 7: Khalaj St., End of Seyyedi Alley, 91638 Mashad</p> <p>Suíomh gréasáin: www.amincomplex.ir</p> <p>Cineál eintitis: soláthraí arm míleata</p> <p>Áit chlárúcháin: Mashad, an Iaráin</p> <p>Príomhionad gnó: An Iaráin</p> <p>Eintitis chomhlachaithe: Eagraíocht na dTionscal Cosanta (DIO); Kaveh Cutting Tools Company</p>	<p>Is soláthraí arm míleata é Amin Industrial Complex a bhí páirteach i leathadh diúracán aindleathach agus teicneolaíochta núicléiche go dtí an Iaráin trí idirghabhálaí Síneach. Dá bhrí sin, tá sé ag gabháil do ghníomhaíochtaí núicléacha na hIaráine atá íogair ó thaobh an leata de nó d'fhorbairt córas seachadta arm núicléach na hIaráine.</p>	<p>17.10.2023 (UN: 9.6.2010)</p>

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
182.	<p>Ammunition And Metallurgy Industries Group (AMIG)</p> <p>گروه صنایع مهمانسازی (ومتالورژی)</p>	<p>Seoladh Uimh. 1: P.O. Box 16765/1835 Pasdaran Street</p> <p>Address no. 2: Department 145-42 P.O. Box 16765/128 Moghan Avenue, Pasdaran Street</p> <p>Áit chláirúcháin: Tehran, an Iaráin</p> <p>Príomhionad gnó: An Iaráin</p> <p>Eintitis chomhlachaithe: Shahid Sattari Industries;</p> <p>Parchin Ammunition Industries;</p> <p>7th of Tir Industries Complex;</p> <p>Yazd Metallurgy Industries;</p> <p>Khorasan Metallurgy Industries;</p> <p>Isfahan Ammunition Industries;</p> <p>Shahid Shiroudi Industries;</p> <p>Shahid Sayyad Shirazi Industries;</p> <p>Eagraíocht na dTionscal Cosanta (DIO)</p>	<p>Tá an Ammunition and Metallurgy Industries Group (AMIG) ar an ngrúpa tionscail is mó den Eagraíocht na dTionscal Cosanta (DIO). I measc a chuid táirgí tá armlón, buamaí moirtéal, earraí piriteicniúla, mianaigh frith-tancanna agus farraige, gránáidí láimhe, maidhmitheoirí, ábhair phráis, uirlisí gearrtha, comhlaí tionsclaíocha, lánáin phollta don tionscal ola agus páirteanna tionsclaíocha eile. Tá sé comhdhéanta de deich bhfochuideachtaí, lena n-áirítear Shahid Sattari Industries, Parchin Ammunition Industries, 7th of Tir Industries Complex, Yazd Metallurgy Industries, Khorasan Metallurgy Industries, Isfahan Ammunition Industries, Shahid Shiroudi Industries agus Shahid Sayyad Shirazi Industries. Bhí ról lárnach aige i monarú agus i bhforbairt armra agus tá sé nasctha le roinnt cuideachtaí a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí núicléacha atá íogair ó thaobh an leata de. Dá bhrí sin, tá sé ag gabháil do ghníomhaíochtaí núicléacha na hIaráine atá íogair ó thaobh an leata de nó d'fhorbairt córas seachadta arm núicléach na hIaráine.</p>	<p>17.10.2023</p> <p>(UN: 24.3.2007)</p>

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
183.	Armament Industries Group (AIG) (گروه صنایع تسلیحاتی)	Áit chláirúcháin: Tehran, an Iaráin Príomhionad gnó: An Iaráin Eintitis chomhlachaithe: Eagraíocht na dTionscal Cosanta (DIO)	Tá an Armament industries group ina mhonaróir mór arm agus ina fhochuideachta d'Eagraíocht na dTionscal Cosanta na hIaráine (DIO). Is ilchuideachta cuideachtaí í DIO atá á reáchtáil ag Poblacht Ioslamach na hIaráine a bhfuil sé mar fheidhm aici an cumas déantúsaíochta agus na hacmhainneachtaí teicniúla is gá a sholáthar do na Fórsaí Armtha. Dá bhrí sin, tá AIG á rialú ag eintiteas atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí na hIaráine atá íogair ó thaobh an leata núicléach de agus d'fhorbairt córas seachadta arm núicléach.	17.10.2023 (UN: 9.6.2010 AE: 24.4.2007)
184.	Eagraíocht na dTionscal Cosanta (DIO) (سازمان صنایع دفاع جمهوری اسلامی ایران)	Seoladh: Amin Industrial Estate, Khalage Rd., Seyedi District P.O. Box 91735/549, Mashad, an Iaráin Príomhionad gnó: An Iaráin Eintitis chomhlachaithe: Kaveh cutting tools company; 7 th of Tir Industries; Khorasan Metallurgy Industries; Aviation Industries Organization (AvIO); Eagraíocht na dTionscal Aerospáis (AIO); Iran Electronics Industries (IEI); Aireacht Cosanta agus Lóistíochta Fhórsaí Armtha na hIaráine (MODAFL)	Is ilchuideachta de níos mó ná 300 cuideachta í an Eagraíocht na dTionscal Cosanta (DIO) agus tá sí ina fochuideachta de chuid Aireacht Cosanta agus Lóistíochta Fhórsaí Armtha na hIaráine (MODAFL) agus é d'fheidhm aici an acmhainneacht déantúsaíochta agus na hacmhainneachtaí teicniúla is gá a sholáthar do na Fórsaí Armtha. Bhí ról lárnach aici i gclár forbartha diúracán balaistíoch na hIaráine agus i gcur chun feidhme chlár lártheifneoiriúcháin na hIaráine. Déanann DIO maoirseacht ar chonraitheoirí cosanta iomadúla faoi úinéireacht an stáit agus ar chuideachtaí cumhdaigh go díreach nó trína fhochuideachta phríomhúil, Eagraíocht na dTionscal Aerospáis. Tá ról suntasach aici maidir le crua-earraí míleata éagsúla a tháirgeadh don Iaráin, lena n-áirítear diúracáin. Le blianta beaga anuas, rinne an DIO iarracht díriú ar onnmhairiú, rud a chuir ar chumas na hIaráine a bheith ina honnmhaireoir arm: in 2022, d'fhás DIO faoi 200 % i gcomparáid le 2021, d'fhorbair sí 75 arm nua agus mhéadaigh a cuid onnmhairí faoi 2.5, rud a chuir le fás thionscal cosanta na hIaráine. Dá bhrí sin, tá tacaíocht á tabhairt ag DIO do ghníomhaíochtaí núicléacha atá íogair ó thaobh an leata de san Iaráin agus d'fhorbairt córas seachadta na n-arm núicléach.	17.10.2023 (UN: 23.12.2006)

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
185.	<p>Kaveh Cutting Tools Company</p> <p>(ar a dtugtar freisin: Abzar Boresh Kaveh Co. Persian; Mojtame-e Abzar Boreshi Kaveh)</p>	<p>Seoladh Uimh. 1: Km 4 Khalaj Road, end of Seyyedi Street, Mashad 91638, an Iaráin</p> <p>Seoladh Uimh. 2: P.O. Box 91735/549, Mashad, an Iaráin</p> <p>Seoladh Uimh. 3: 3rd Km of Khalaj Road, Seyyedi Street, Mashad, an Iaráin</p> <p>Seoladh Uimh. 4: Moqan St., Tehran, an Iaráin</p> <p>Suíomh gréasáin: www.kavehtools.ir</p> <p>Áit chlárúcháin: Mashad, an Iaráin</p> <p>Dáta clárúcháin: 1993</p> <p>Príomhionad gnó: Mashad, an Iaráin</p> <p>Eintitis chomhlachaithe: Abzar Boresh Kaveh Co.;</p> <p>Eagraíocht na dTionscal Cosanta (DIO);</p> <p>Ammunition and Metallurgy Industries Group (AMIG)</p>	<p>Is cuideachta mhonaraíochta de chuid na hIaráine í Kaveh Cutting Tools a bhí páirteach i dtáirgeadh comhpháirteanna do lártheifneoirí IR-1 na hIaráine, agus sa soláthar do chlár lártheifneoiriúcháin na hIaráine. Tá sí á rialú ag Grúpa na dTionscal Armlóin agus Miotalóireachta (AMIG) agus tá sí faoi réir Eagraíocht na dTionscal Cosanta (DIO). Dá bhrí sin, tá sé ag gabháil do ghníomhaíochtaí núicléacha atá íogair ó thaobh an leata núicléach de san Iaráin nó d'fhorbairt chórais seachadta arm núicléach na hIaráine.</p>	<p>17.10.2023</p> <p>(UN: 9.6.2010)</p>

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
186.	<p>Khorasan Metallurgy Industries (صنایع مهمات سازی و متالورژی خراسان)</p> <p>(ar a dtugtar freisin: Khorasan Metallurgy; Khorasan Ammunition and Metallurgy Industries; Khorasan Metalogy Industries; The Metallurgy Industries of Khorasan; Metalogy Industry of Khorasan ar a dtugtaí roimhe seo: Amin Industrial Complex)</p>	<p>Seoladh: 2nd km of Khalaj Road End of Seyyedi St., P.O.Box 91735-549, 91735 Mashad, an Iaráin.</p> <p>Suíomh gréasáin: www.khwarizmi.ir</p> <p>Uimh. theileafóin: +98 511 3853008; +98 511 3870225</p> <p>An cineál eintitis: cuideachta phoiblí</p> <p>Áit chlárúcháin: An Iaráin</p> <p>Príomhionad gnó: An Iaráin</p> <p>Eintitis chomhlachaithe: Ammunition and Metallurgy Industries Group (AMIG);</p> <p>Aireacht Cosanta agus Lóistíochta Fhórsaí Armtha na hIaráine (MODAFL);</p> <p>Eagraíocht na dTionscal Cosanta (DIO)</p>	<p>Tá Khorasan Metallurgy Industries mar chuid de Eagraíocht na dTionscal Cosanta (DIO) agus is fochuideachta í de chuid Ammunition and Metallurgy Industries Group (AMIG). Tá sí freagrach as táirgeadh armlóin agus comhpháirteanna do lártheifneoirí chomh maith le huirlisí agus táirgí gearrtha ar nós druileanna, gearrthóirí muilleoireachta, sconnáí, réamairí, agus uirlisí cumaisc. Tá tacaíocht á tabhairt aici do ghníomhaíochtaí núicléacha na hIaráine atá íogair ó thaobh an leata de.</p>	<p>17.10.2023 (UN: 3.3.2008)</p>

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
187.	<p>Shahid Sayyade Shirazi Industries</p> <p>(ar a dtugtar freisin: Shahid Sayyade Shirazi Industries;</p> <p>Sayyad Shirazi Industries;</p> <p>Sayad Shirazi;</p> <p>Sayad Shirazi industries;</p> <p>Sayad Shirazi industry;</p> <p>Shaheed Sayad Shirazee ammunition industries;</p> <p>Shahid Sayyadi Shirazi Industries;</p> <p>Shahid Sayyed Shirazi Ind.)</p>	<p>Seoladh Uimh. 1: In aice le Nirou Battery Mfg. Co, Shahid Babaii Expressway, Nobonyad Square, Tehran, an Iaráin</p> <p>Seoladh Uimh. 2: Pasdaran St., P.O. Box 16765, Tehran 1835, an Iaráin</p> <p>Seoladh Uimh. 3: Babaei Highway - in aice le Niru M.F.G, Tehran, an Iaráin</p> <p>Áit chlárúcháin: Tehran, an Iaráin</p> <p>Príomhionad gnó: An Iaráin</p> <p>Eintitis chomhlachaithe: Ammunition and Metallurgy Industries Group (AMIG);</p> <p>Eagraíocht na dTionscal Cosanta (DIO)</p> <p>Daoine aonair chomhlachaithe: Shahid Sayyad Shirazi (iar-leas-cheann foirme Fhórsaí Armtha na hIaráine)</p>	<p>Is táirgeoir diúracán é Shahid Sayyad Shirazi Industries atá faoi úinéireacht Shahid Sayyad Shirazi, iar-leas-cheann foirme Fhórsa Armtha na hIaráine atá nasctha le tionscal míleata na hIaráine. Tá Shahid Sayyad Shirazi Industries ag iarraidh miotail a fháil ón tSín a úsáidtear in armra ardeicneolaíochta, lena n-áirítear diúracáin núicléacha fadraoin. Tá sé mar chuid de Ammunition and Metallurgy Industries Group (AMIG), a raibh ról lárnach aige i monarú agus i bhforbairt armra agus atá nasctha le roinnt cuideachtaí a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí núicléacha atá íogair ó thaobh an leata de, agus is fochuideachta í de chuid Eagraíocht na dTionscal Cosanta (DIO) a bhfuil baint dhíreach aici le forbairt diúracán. Dá bhrí sin, tá sé á rialú ag eintiteas atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí na hIaráine atá íogair ó thaobh an leata núicléach de agus d'fhorbairt córas seachadta arm núicléach.</p>	<p>17.10.2023</p> <p>(UN: 9.6.2010)</p>
188.	<p>Joza Industrial Co.</p>	<p>Seoladh: P.O. Box 16595/159, Tehran, an Iaráin</p> <p>Áit chlárúcháin: Tehran, an Iaráin</p> <p>Dáta clárúcháin: 3.3.2008</p> <p>Príomhionad gnó: An Iaráin</p> <p>Eintitis chomhlachaithe: AIO (Eagraíocht na dTionscal Aeraspáis);</p> <p>SHIG (Shahid Hemmat Industrial Group)</p>	<p>Tá Joza Industrial Co. Á rialú ag Eagraíocht na dTionscal Aeraspáis na hIaráine (AIO), a bhfuil baint aici le forbairt córas seachadta arm núicléach. Dhear sé an teilgeán meánraoin faoi threorú beacht Kheibar le déanaí atá dírithe ar Fhórsaí Armtha na hIaráine a neartú i réimsí na ndiúracán, na ndrón agus na radar. Dá bhrí sin, tá Joza Industrial Co. Á rialú ag eintiteas atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí núicléacha na hIaráine atá íogair ó thaobh an leata de agus d'fhorbairt córas seachadta arm núicléach.</p>	<p>17.10.2023</p> <p>(UN: 3.3.2008)</p>

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
189.	<p>Kalaye Electric Company (KEC)</p> <p>(ar a dtugtar freisin: Kola Electric Co.;</p> <p>Kala Electric;</p> <p>Kola Electric Company;</p> <p>Kalia;</p> <p>Kalaye Electric Co.;</p> <p>Kala Electric Company;</p> <p>Kalay Electric Company;</p> <p>KEC)</p>	<p>Seoladh: 33 Fifteenth Street, Seyed Jamaledin Assadabadi Avenue, Tehran, an Iaráin</p> <p>Áit chlárúcháin: Tehran, an Iaráin</p> <p>Príomhionad gnó: An Iaráin</p>	<p>Is déantóir lártheifneoirí ardforbartha é Kalaye Electric Company do chlár núicléach na hIaráine, eadhon an IR-8, chomh maith le bheith ina láithreán taighde agus forbartha a oibríonn ar lártheifneoirí d'Eagraíocht Fuinnimh Adamhaigh na hIaráine. Tá sé ag gabháil do ghníomhaíochtaí núicléacha na hIaráine atá íogair ó thaobh an leata de agus tá tacaíocht á tabhairt aige do na gníomhaíochtaí sin.</p>	<p>17.10.2023</p> <p>(UN: 23.12.2006)</p>
190.	<p>M Babaie Industries</p> <p>(ar a dtugtar freisin: Shahid Babaie Industries Complex;</p> <p>SBIC;</p> <p>Shahid Babaie Industrial Complex;</p> <p>Shaheed Babaie Industries;</p> <p>Shahid Babaii Industries;</p> <p>sh. Babaie industries)</p>	<p>Seoladh: Kalery Bldg., Damovand Road, Tehran 1916, an Iaráin</p> <p>Áit chlárúcháin: Tehran, an Iaráin</p> <p>Eintitis chomhlachaithe: Eagraíocht na dTionscal Aeraspáis (AIO)</p>	<p>Tá M Babaie Industries faoi cheannas Eagraíocht na dTionscal Aeraspáis na hIaráine (AIO), a bhfuil baint aici le córais seachadta arm núicléach a fhorbairt. Forbraíonn M. Babaie Industries teicneolaíochtaí diúracáin ar mhaithe le hAerfhórsa Phoblacht Ioslamach na hIaráine, mar shampla leagan feabhsaithe den diúracán aerchosanta MIM-23B. Dá bhrí sin, tá sé á rialú ag eintiteas atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí núicléacha na hIaráine atá íogair ó thaobh an leata de (AIO).</p>	<p>17.10.2023</p> <p>(UN: 9.6.2010)</p>

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
191.	Malek Ashtar University	<p>Seoladh uimh. 1: Shahin Shahr Township, Deireadh Ascaill Ferdowsi, Bosca PO 83154/115, Isfahan, an Iaráin</p> <p>Seoladh uimh. 2: Corner of Imam Ali Highway and Babaei Highway, Tehran, an Iaráin</p> <p>Príomhionad gnó: An Iaráin</p> <p>Eintitis chomhlachaithe: Aireacht Cosanta agus Lóistíochta Fhórsaí Armtha na hIaráine (MODAFL);</p> <p>Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC);</p> <p>Defense Technology and Science Research Center (DTSRC)</p>	<p>Is ollscoil Iaránach í Malek Ashtar University atá faoi réir an Lárionaid Taighde um Theicneolaíocht Chosanta agus Eolaíochta (DTSRC) a thacaíonn le riachtanais oideachais agus taighde agus forbartha Aireacht Cosanta agus Lóistíochta Fhórsaí Armtha na hIaráine (MODAFL). Tá taighde á dhéanamh ag a comhaltaí dáimhe a bhaineann le diúracáin agus le cumhacht núicléach. Bhí baint acu freisin le soláthar aindleathach earraí atá liostaithe in MTCR de shárú ar Rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Dá bhrí sin, tá baint dhíreach aici le gníomhaíochtaí núicléacha na hIaráine atá íogair ó thaobh an leata de.</p>	<p>17.10.2023</p> <p>(UN: 9.6.2010</p> <p>AE: 24.6.2008)</p>
192.	<p>Mizan Machinery Manufacturing</p> <p>(ar a dtugtar freisin: 3MG;</p> <p>Mizan;</p> <p>Mizan Machine;</p> <p>3M Mizan Machinery Manufacturing)</p>	<p>Seoladh: P.O. Box 16595/365, Tehran, an Iaráin</p> <p>Áit chlárúcháin: An Iaráin</p> <p>Príomhionad gnó: Tehran, an Iaráin</p> <p>Eintitis chomhlachaithe: Eagraíocht na dTionscal Aeraspáis (AIO)</p>	<p>Tá Mizan Machinery Manufacturing ag gníomhú thar ceann Eagraíocht na dTionscal Aeraspáis (AIO) na hIaráine, a bhfuil baint aici le córais seachadta arm núicléach a fhorbairt. Bhí baint aige le hidirbhearta tráchtála maidir le hábhar íogair a bhaineann le diúracáin bhalaistíochta. Dá bhrí sin, tá tacaíocht á tabhairt aige do chórais seachadta arm núicléach.</p>	<p>17.10.2023</p> <p>(UN: 9.6.2010</p> <p>AE: 24.6.2008)</p>

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
